

Cuireadh Chun Tairisceana

Bailiúchán de rannta Gaeltachta a chur le chéile

Fáilteoidh Tuismitheoirí na Gaeltachta (TnaG) roimh iarratais ó dhaoine aonarach/grúpaí a bhfuil an taithí/saineolas cuí acu chun bailiúchán de rannta Gaeltachta a chur le chéile.

Beifear ag súil go ndéanfaí taighde ar fhoinsí atá ar fáil go dáta, le hobair taighde nua a dhéanamh agus go gcuirfí bailiúchán suntasach le chéile d'ábhar sna trí mhórchanúint (cé go mbeidh fáilte roimh ábhar sna canúintí eile chomh maith).

Cuirfear béim ar rannta dúchasacha atá/a bhíodh ar fáil sa Ghaeltacht agus beifear ag súil go mbeidh siad seo mar bhunchloch an tsaothair.

Cuirfear fáilte roimh rannta nua-chumtha chomh maith, go háirithe faoi ábhair nua-aimseartha, ach dul na Gaeilge a bheith orthu, iad nádúrtha agus ag cloí leis an dúchas.

Beifear ag súil go gcuirfí an t-ábhar ar fáil go canúnach, ag obair in éineacht le heagarthóirí TnaG más gá leis an méid seo a bhaint amach.

Beidh sé i gceist ag TnaG na rannta a thaifeadadh amach anseo.

Úsáidfear an bailiúchán le leabhar/sraith leabhrán agus áiseanna digiteacha eile a chur le chéile a bheidh mar thacaíocht do lánúineacha óga a bheidh ag tógáil a gclann le Gaeilge.

1. Réamhrá

Bunaíodh TnaG sa bhliain 2011 mar eagraíocht dheonach pobail le cúnaimh agus tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge sa Ghaeltacht nó ar mian leo a leithéid a dhéanamh.

Tháinig fás agus forbairt ar an eagraíocht ó shin agus sa bhliain 2018 aontaíodh plean le Roinn na Gaeltachta a chuir ar chumas TnaG feidhmiú ar bhonn náisiúnta mar thacaíocht don phróiseas pleanála teanga Gaeltachta. Tá cúraimí taighde san áireamh sa chlár oibre atá aontaithe leis an Roinn.

2. Téarmaí Tagartha

Is iad seo téarmaí tagartha an togra:

- Staidéar a dhéanamh ar fhoinsí eolais atá ar fáil cheana féin agus taighde nua a dhéanamh sa Ghaeltacht.
- Gairm ar ábhar nua-chumtha nó ábhar a chumadh.
- Tuarascáil a chur ar fáil ina mbeidh an méid seo a leanas san áireamh:
 - Bailiúcháin de rannta, idir chinn dhúchasacha, thraidisiúnta agus nua chumtha.
 - Réimse leathan rannta sna trí mhórchanúint agus fáilte roimh ábhar sna canúintí eile.
 - D'fhéadfaí rabhlóga, amhráin bheaga dhúchasacha, cluichí srl a chur san áireamh chomh maith.
- Bheifí ag súil go mbeadh an bailiúchán curtha in eagar agus réitithe le foilsiú.
- D'fhéadfaí rannta eile a bailíodh ach nach mbeadh sa bhailiúchán atá le foilsiú a chur ar fáil ar liosta tacaíochta m.sh. rannta a bheadh an-chosúil le chéile, leaganacha malartacha srl
- Iarrfar ar na hiarrthóirí rathúla comhoibriú le TnaG agus an t-ábhar á chur ar fáil, mar a bhfuil stíl tí á chur le chéile faoi láthair, ag díriú ar ábhar a chur ar fáil go canúnach, rud a thabharfadh cúnamh do theaghlaigh a gcanúint féin a threisiú.

3. Sonraí an Tionscadail Taighde

Tá an taighde seo á choimisiúnú ag TnaG, le tacaíocht ón Roinn Cultúir, Ealaíon, Meán, Turasóireachta, Spóirt agus Gaeltachta, féachaint le cúnamh a chur ar fáil do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge sa Ghaeltacht.

3.1 Buiséad:

- €6,000 uasmhéid an bhuiséid don togra.
- Cuimsíonn an buiséad costas iomlán an taighdeora (CBL san áireamh).
- Íocfar an táille go céimiúil: 30% ar bhronnadh an chonartha, 30% nuair a chuirfear an dréacht-thuarascáil ar fáil agus 40% nuair a chuirfear an tuarascáil deiridh ar fáil.

3.2 Scála ama:

Ní mór an taighde a bheith críochnaithe faoi thús Mhí Mheán Fómhair 2022.

3.3 Tuairisciú:

- Beidh an taighdeoir freagrach do Cheannasaí TnaG. Beidh an Ceannasaí ar fáil le plé a dhéanamh leis an taighdeoir agus pé cabhair a bheidh ag teastáil a thabhairt.
- Bunóidh TnaG Coiste Stiúrtha chun na dréacht-thuarascálacha a chuirfear ar fáil a iniúchadh agus aiseolas agus comhairle a chur ar fáil de réir mar is cuí.
- Cuirfear tuarascáil eatramhach ar fáil don choiste stiúrtha leathslí trí thréimhse an taighde

4. Eolas mar a bhaineann leis an tionscadal taighde

Féadfar tuilleadh eolais ar an tionscadal taighde seo a lorg ó Cheannasaí TnaG (sonraí teagmhála thíos).

5 An Próiseas Tairisceana:

Glacfar le hiarratais i scríbhinn nó ar ríomhphost ó chomhairleoirí/taighdeoirí aonair agus le comh-iarratais ó mheitheal comhairleoirí/taighdeoirí. Ní mór go mbeadh an méid seo a leanas san áireamh san iarratas:

- a) Próifíl taighde agus CV an iarrthóra / na meithle.

- b) Sonraí ar obair thaighde ábhartha eile atá déanta acu.
- c) Cur síos imlíneach ar an modheolaíocht a bheidh in úsáid.
- d) Cur síos ar na céimeanna éagsúla den togra agus na sceidil ama a bhainfidh le gach céim.
- e) Sceideal ama beacht mar a bhaineann le dréacht-thuarascáil a chur ar fáil.
- f) An buiséad mar a bhaineann le gach céim den taighde agus an buiséad iomlán.
- g) An polasaí eagarthóireachta a bheidh in úsáid.

6. Critéir Mheasúnaithe

Cuirfear na critéir seo a leanas san áireamh agus na hiarratais á meas:

- a) Saintuiscint agus saintaithí ar earnáil na Gaeltachta agus na Gaeilge.
- b) Taithí in úsáid réimse leathan modheolaíochtaí taighde, mar aon le taithí ar thaighde cáilíochtúil agus cainníochtúil;
- c) Taithí ar thaighde agus ar fhoilseacháin taighde ar ardchaighdeán a chur ar fáil i réimse an tionscadail taighde a bhfuil iarratas á dhéanamh ina leith;
- d) Soiléireacht agus éifeacht an chur chuige taighde atá beartaithe;
- e) Léiriú ar indéantacht an chur chuige taighde laistigh den fhráma ama luaite;
- f) Cumas cloí le buiséad an taighde, agus
- g) Tuiscint léirithe ar na saincheisteanna taighde seo.

7. Spriocdháta na n-iarratas:

5in Dé Luain 16 Bealtaine 2022.

7.2. Iarratais chuig:

An Ceannasaí,
Tuismitheoirí na Gaeltachta
Aonad 3A & B
Páirc Gnó na Ceathrún Rua
An Cheathrú Rua

Co. na Gaillimhe

nó seol ar ríomhphost chuig: sorcha@tuismitheoiri.ie

7.3 Tuilleadh eolais:

Sorcha Ní Chéilleachair 087 2851014 nó sorcha@tuismitheoiri.ie